Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Márta 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0040(COD)**

**7631/19**
**ADD 1**

**CODEC 702**
**UD 91**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a mhéid a bhaineann le síneadh ama a chur le húsáid idirthréimhseach a bhaint as bealaí eile seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Fáiltíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle roimh Thuarascáil Speisialta Uimh. 26/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Sraith moilleanna i gcórais TF chustaim: cad a chuaigh amú?' agus tuarascálacha ábhartha eile i réimse an chustaim, lenar tugadh forléargas níos fearr do na comhreachtóirí ar cad is cúis leis na moilleanna i gcur chun feidhme na gcóras TF is gá chun feabhas a chur ar oibríochtaí custaim san AE.

Measann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go mbeadh aon iniúchadh amach anseo ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ina ndéanfaí measúnú ar na tuarascálacha arna n-ullmhú ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 278a de Chód Custaim an Aontais ina rannchuidiú dearfach leis na hiarrachtaí tuilleadh moilleanna a sheachaint.

Iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit lánaird a thabhairt ar na hiniúchtaí sin.